

COMHARTHAÍ CEARTÚCHÁN PROFAÍ

DHÁ chomhartha atá i ngach ceartú ar phrofa: ceann amháin sa téacs agus ceann san imeall (cé is moite de na comharthaí téacs sin a shíneann amach san imeall). Is é is cúis leis seo (a) nach mbeadh ar an té a chuireann na ceartuithe i bhfeidhm an cháipéis ar fad a léamh ach an t-imeall a bhreathnú ar lorg ceartuithe agus (b) nach bhfuil roinnt de na comharthaí téacs sainiúil go leor agus nach foláir iad a léiriú.

Cuirtear ciorcal timpeall ar threoracha san imeall chun iad a idirdhealú ó théacs ionaid.* Cuirtear ciorcal freisin timpeall ar chomharthaí atá déanta go hiomlán as poncanna (lánstad, idirstad, agus poncanna focalbhá), ar eagla go gcaillfí iad.

*Focail Bhéarla (nó Laidine) atá sna gnáth-théarmaí seo; d'fhéadfaí téarmaí Gaeilge a chur ina n-áit má tá Gaeilge ag lucht curtha an chló.

Scríobhtar na comharthaí imill san imeall is gaire; má tá dhá cheann nó níos mó san aon líne amháin scríobhtar ó chlé go deas iad, san ord céanna leis na ceartuithe sa téacs.

Leanann stríoc (/) gach comhartha imill (iad sin nach bhfuil stríoc mar chuid díobh): díríonn seo aird ar chomharthaí aonaracha agus scarann sraith de chomharthaí ar an líne chéanna.

Sa liosta seo a leanas tugtar comharthaí traidisiúnta i gcomhair na gceartuithe is mó a mbíonn gá leo.

	Comhartha téacs	Comhartha imill
Scríos litir	titthe	∂/
Scríos focal	siúd siúd	∂/
Teann (scríos spás)	ti the	∩/
Ionsáigh litir (nó focal)	tthe	t/
Cuir litir in ionad litir eile	tthe	t/
Cuir focal in ionad focal eile	tithe siúd	seo/
Ionsáigh spás	ttheseo	#/
Cuir spás in ionad fleiscín	fear/ionaid	#/
Scríos fleiscín (agus teann)	sean/fhear	∂/
Laghdaigh spás	tithe siúd	#/
Stet (cuir ceartú ar ceal)	tithe siúd	(stet)/
Malartaigh focail	tithe sna	(trs)/
Tosaigh paragraf nua	tithe. Bhí	¶/
Táthaigh (gan paragraf nua)	tithe nua.)
Méadaigh spás idir línte	Gach lá a bhí ann	#
Laghdaigh spás idir línte	gach lá a bhí ann)

Athraigh go ceannlitreacha	i n <u>g</u> aillimh	<u>cap</u> /
Athraigh go litreacha beaga	sa <u>C</u> hathair	<u>l.c.</u> /
Athraigh go cló iodálach	an <u>T</u> itanic	<u>ital</u> /
Athraigh go ceannlitreacha beaga	féach <u>tíortha</u>	<u>s.c.</u> /
Athraigh go cló rómhánach	na <u>títhe</u> seo	<u>rom</u> /
Athraigh go cló trom	<u>In Éirinn</u>	<u>bold</u> /
Eangaigh	<u>S</u> na títhe seo	□/
Cuir eang ar ceal	← Sna títhe seo	
Cuir i lár báire	<u>In Éirinn</u>	<u>centre</u> /
Bog ar aghaidh (don chéad líne eile)	mar <u>tho-</u>	
Bog ar ais (don líne roimhe)	<u>radh</u> ar	
Cló mícheart	na <u>títhe</u> seo	<u>wf.</u> /
Forscript	agus <u>14</u> C	↓ ₄
Foscript	is ea <u>H20</u>	↓ ₂

Comharthaí le haghaidh carachtair ar leith

lánstad	◉/
idirstad	◐/
poncanna focalbhá (trí lánstad agus spás gan bhriseadh eatarthu)	◑/
fleiscín	-/
fleasc	<u>m</u> /
fleasc ghearr	<u>n</u> /
stríoc	①/
uaschamóg	‡
comharthaí friotail	“”